



Téama: Déileáil go comhionann le daoine? - Cearta an Duine

Roinn 3: Cé leis na cearta seo? / Ag dul i mbun gnímh

Díríonn an roinn seo ar na gnéithe stairiúla de chearta an duine agus de chearta mionlaigh agus na bunphrionsabail a bhfuil siad bunaithe orthu.

Torthaí Foghlama na Roinne seo

Beidh na daltaí ábalta:

- Plé a dhéanamh ar na naisc idir na réimis ollsmachta agus cearta a bheith á gcosc ar dhaoine
- Léargas agus tuairimí níos fearr a chur le chéile ar na topaicí trí mheáin chruthaitheacha
- A mbreith shoiléir féin a chur le chéile ar thábhacht chearta an duine

Acmhainní a chuirtear ar fáil

Acmhainn 9	Athluanna ó dhaoine cáiliúla a bhí ag gníomhú ar son chearta an duine
Acmhainn 10	Athluanna ó dhaoine atá ag maireachtáil faoi smacht réimeas ollsmachta
Acmhainn 11	Ordlathas Riachtanas Maslow
Acmhainn 12	Athlua
Acmhainn 13	Alt
Acmhainn 14	Sakharov
Acmhainn 15	Amhráin agus pictiúir a bhaineann le príomhcheisteanna faoi chearta

Gníomhaíocht Ranga 1: Gníomhaithe Inspioráideacha ar son Chearta an Duine

Iarr ar na daltaí: ‘Cé chomh sábháilte is a bhraitheann tú i rith do shaoil laethúil?’ Gríosaigh iad chun a gcuid léargas a léiriú agus seasamh lena gcuid freagraí. Iarr orthu machnamh a dhéanamh ar stair a dtíortha féin agus samplaí a phiocadh de chásanna inar sáraíodh cearta. D’fhéadfadh a gcuid freagraí a bheith bainteach le móreachtra, amhail cogadh, deachtóireacht nó a leithéid. Déan cur síos ar an difríocht idir sárú díreach ar chearta agus sárú indíreach ar chearta. Chun é sin a bhaint amach, iarr orthu machnamh a dhéanamh ar nathanna cainte nó teanga a úsáideann siadsan nó daoine atá mórthimpeall orthu ó lá go lá agus a mhaslódh daoine eile nó grúpaí sóisialta. An gceapann siad nach bhfuil aon dochar sna nathanna cainte sin? An féidir leo smaoineamh ar roinnt argóintí a léiríonn an fáth a mbeadh dochar sa teanga seo agus cén fáth a mbeadh sí maslach? Chomh maith leis sin, iarr orthu smaoineamh ar dhuine a throid ar son chearta an duine. Bain úsáid as Acmhainn 9 chun tús a chur leis an ngníomhaíocht seo.

Gníomhaíocht Ranga 2: Réimis Ollsmachta: An bhfuil cúiteamh éigin ag baint le Cearta a Chosc ar Dhuine

Tabhair Acmhainn 10 do na daltaí agus cuir in iúl dóibh go léifidh siad léargas phearsanta ó dhaoine a raibh cónaí orthu in áiteanna a raibh réimis ollsmachta ann. Níor chuir na daoine seo in aghaidh cearta an duine a bheith bainte díobh, agus níorbh rud é a chuir isteach orthu, ar chúis phearsanta



ÁRAS STAIR NA HEORPA

amháin nó eile. Léifidh siad sliocht ghairid ó leabhar a bhfuil clú agus cáil air ar a dtugtar ‘Animal Farm’, ina ndéantar cur síos ar an saol i gcóras ollsmachta. An féidir leis na daltaí eilimintí a aimsiú atá ag teacht leis na léargais a léiríodh in Acmhainn 9? Iarr orthu an raibh bá ag gach duine le cás na ndaoine sin

Dírigh an plé ar riachtanais agus ar easpaí daoine (agus cad is brí leo) mar chúiseanna le ceart a bhunú. Tá easpaí agus riachtanais rí-thábhachtach inár saol laethúil, ach an mbaineann na gnéithe seo le cearta? An bhfuil coincheap amháin níos tábhachtaí ná coincheap eile? Chun cabhrú leis na daltaí iniúchadh a dhéanamh ar an gcaidreamh idir easpaí, riachtanais agus cearta gaolmhara, tabhair amach Acmhainn 11. Sa bhliain 1943, rinne síceolaí darb ainm Abraham Maslow ordlathas riachtanas a leagan amach. Ag an mbunús, feictear na riachtanais fhiseolaíocha nó na riachtanais fhisiciúla atá ann chun go mairfidh an cine daonna. Mura bhfuil na riachtanais sin bainte amach, ní féidir le corp an duine feidhmiú go cuí. Ceaptar gurb iad na riachtanais fhiseolaíocha na riachtanais is tábhachtaí; ba chóir dóibh a bheith bainte amach ar dtús. Ansin, tagann riachtanais sábháilteachta i gceist, lena n-áirítear sábháilteacht phearsanta, airgeadais agus sláinte. Ag tagairt siar do Dhearbhú na gCearta ó NA, féadaimid a fheiceáil go bhfuil na cearta seo léirithe mar bhunchearta an duine. Iarr ar na daltaí nasc a dhéanamh idir na cearta eile i nDearbhú na gCearta ó NA agus pirimid Maslow.

Tar éis na gníomhaíochta seo, déan plé ar an ordlathas seo agus conas a chabhraíonn sé linn míniú a thabhairt ar an bhfáth nach rachadh daoine aonair in aghaidh ollsmachta a fhad agus a thugtar bunchearta dóibh cé nach bhfuil saoirse cainte agus gluaiseachta acu. Ach cad a stopann réimeas forlámhach cearta eile a bhaint dínn? Uaireanta, d’fhéadfadh sé tarlú go gcosnaíonn réimeas forlámhach cuid mhór den daonra ach go mbíonn an chloch sa mhuinchille aige do ghrúpaí mionlaigh áirithe nó do ghrúpaí sóisialta áirithe.

Gníomhaíocht Ranga 3: Daonnacht a Chosaint

Tabhair Acmhainn 12 amach do na daltaí. Anseo tá athlua cáiliúil ó Martin Niemöller, marthanóir ó na sluachampaí géibhinn Naitsíocha. Cad a mheasann na daltaí faoin athlua seo? Táimid ar fad nasctha le chéile ag an nádúr daonna atá i gcoitinne againn agus tá bunchearta an duine ceangailte go díreach leis an gcoincheap sin. Is ábhar uilíoch é na cearta sin a chosaint agus baineann sé sin le gach duine, is cuma cén cúlra atá i gceist, bíodh sé eitneach, reiligiúnach, sóisialta nó a leithéid.

Más mian leat cur leis an bplé seo, tabhair Acmhainn 13 amach do na daltaí. San acmhainn seo, tá alt a scríobh ollamh coireolaíochta sa bhliain 2012 inar áitigh sé an méid seo a leanas: má luaitear saintréithe áirithe le grúpaí móra daoine trí íomhánna atá nasctha le hainmhithe, déantar dídhaonnú ar na grúpaí daoine sin i súile daoine eile. Tháinig torthaí tragóideacha as an dídhaonnú sin san am a chuaigh thart, agus tá sé fós ag tarlú sa lá atá inniu ann. An féidir leis na daltaí smaoineamh ar aon samplaí den sórt seo?

Gníomhaíocht Ghrúpa 1: Parlaimint na hEorpa agus an comhrac ar son chearta an duine

Iarr ar do mhic léinn: ‘Cé atá in ann a áirithiú go dtugtar urraim do chearta an duine?’ Fág am áirithe dóibh chun a bhfreagraí a sholáthar agus chun údar a thabhairt leo, sula n-insíonn tú dóibh gur féidir le brateagraíochtaí a bheith níos éifeachtúla sa réimse seo. Cuir do mhic léinn ar an eolas gur ceann de luachanna bunúsacha an Aontais Eorpaigh é urraim do chearta an duine. Bhunaigh Parlaimint na hEorpa Duais Sakharov um Shaoirse Smaointeoireachta i 1988. Fiafraigh de do mhic léinn an bhfuil a fhios acu conas a fuair an duais a hainm. In Acmhainn 14, atá le roinnt orthu, aimseoidh siad míniú



ÁRAS STAIR NA HEORPA

gairid faoin mbunús atá ag ainm na duaise. Bunaithe air seo, iarr orthu a macnamh agus plé a dhéanamh ar chúlra stairiúil agus siombalach an tionscnaimh sin.

I ndiaidh an phlé ghairid sin, roinn do rang i ngrúpaí agus iarr ar dhaltáí anailís a dhéanamh ar Acmhainn 14 agus na ceisteanna a ghabhann léi a fhreagairt. Cuir bunús Dhuais Sakharov agus an comhrac do chearta an duine i gcomhthéacs an Chogaidh Fhuair i gcuimhne dóibh, agus iarr orthu cúrsaí san am sin agus i láthair na huaire a chur i gcomparáid agus i gcodarsnacht lena chéile bunaithe ar rogha na mbuaiteoirí. Dámhtar an duais do dhaoine aonair atá tar éis cur go mór leis an gcomhrac ar son chearta an duine ar fud na cruinne. Lig do do mhic léinn a fháil amach cérbh iad buaiteoirí Dhuais Sakharov sna blianta atá imithe thart anseo:

<http://www.europarl.europa.eu/sakharovprize/ga/laureates/since-2010.html>

Iarr orthu a macnamh a dhéanamh ar na cúiseanna a ndéanfadh AE faireachán ar shárúithe ar chearta an duine a tharlaíonn lasmuigh de AE. Míniú dóibh go n-iarrfar orthu tuairimí, macnaimh agus torthaí a bhfoirne a chomhroinnt lena gcomrádaithe scoile i bplé grúpa.

Má bhíonn am agat, iarr orthu smaoineamh ar na tosaíochtaí a leagfaidís síos dá mbeidís ar Choiste Dhuais Sakharov. Cad a dhéanfaidís dá mbeadh orthu rogha a dhéanamh idir dhá chás: sárú as cuimse ar chearta an duine lasmuigh de AE agus cás nach raibh chomh géar sin laistigh de AE? Cé acu cás a phiocfaidís don duais agus cén fáth?

Gníomhaíocht Ghrúpa 2: Lucht Taighde ón eagraíocht Cearta Stuama i mBun Gnímh

Roinn an rang in 5-6 fhoireann atá mórán ar an méid céanna, agus tabhair do gach foireann ceann amháin de na cearta nó ceann amháin de chearta grúpa mionlaigh. Nó, is féidir leat cead a thabhairt dóibh ceann amháin de chearta grúpaí mionlaigh a roghnú iad féin, bíodh sé réadúil nó ficseanúil. Míniú do na daltaí gur saíneolaithe margáíochta iad atá ag obair ar son grúpaí do chearta an duine. Abair leo gur tugadh feachtas margáíochta dóibh le déanaí atá bunaithe ar cheart ar leith nó ar chatagóir ar leith de chearta. Tá ar gach grúpa an feachtas ina iomláine a ullmhú, lena n-áirítear téacsanna, ábhar bolscaireachta, plean gníomhaíochta agus fógraíocht ar na meáin shóisialta. Nuair atá ainm an fheachtais á chinneadh acu, tá cead acu an t-ainm ficseanúil atá thuasluaite (Lucht Taighde ón eagraíocht Cearta Stuama i mBun Gnímh) a úsáid nó ceann a chumadh iad féin. Is féidir leo a n-aitheantas amhairc féin a chruthú ag baint úsáid as póstaer agus fógraí, nó amhrán a chumadh, fiú. Is féidir an pictiúr in Acmhainn 14 a úsáid mar fhoinsé inspioráide. Beidh ar gach grúpa an feachtas a chur i láthair na ndaltaí eile sa rang, ar nós dá mbeidís á chur i láthair do dhaoine a bheidís ag iarraidh a mhealladh le tacú lena gcás. Beidh le feiceáil ansin cá mhéad duine is féidir leo a mhealladh le tacú leo. Míniú dóibh go bhfuil tú ag súil leis go bhfanfaidh siad oibiachtúil agus gur cheart dóibh iarracht a dhéanamh gan a bheith ag brath go hiomlán ar a gcuid tuairimí pearsanta féin.